CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

## PREASEISIÚINT Uimh. 59/26

**Lucsamburg, 21 Aibreán 2026**

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-769/22 | an Coimisiún v An Ungáir (Luachanna an Aontais)

# Luachanna an Aontais: trí dhlí lena ndéantar daoine LADTI+ a stiogmatú agus a imeallú, tá an Ungáir tar éis dlí an Aontais a shárú

*I measc nithe eile, den chéad uair riamh i gcaingean i gcoinne Ballstáit, tá an Chúirt tar éis a chinneadh go ndearnadh sárú ar Airteagal 2 CAE, ina leagtar amach na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe*

Le 'Dlí LXXIX 2021 lena nglactar bearta níos déine i gcoinne ciontóirí ar péidifiligh iad agus lena leasaítear dlíthe áirithe chun leanaí a chosaint', leasaigh an Ungáir gníomhartha reachtacha náisiúnta éagsúla d'fhonn mionaoisigh a chosaint. Go bunúsach, cuireann na leasuithe sin toirmeasc nó srian ar rochtain ar inneachar, go háirithe i réimse an chlosamhairc nó na fógraíochta, lena léirítear nó lena gcuirtear chun cinn imeacht ón bhféiniúlacht phearsanta atá ar aon dul leis an ngnéas breithe, athrú inscne nó homaighnéasacht. As diaidh caingean um shárú arna tabhairt ag an gCoimisiún Eorpach ar an ábhar seo, chinn an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil an Ungáir tar éis dlí an Aontais a shárú ar leibhéil éagsúla, is iad sin: an dlí príomha agus táinisteach maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach, an Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, Airteagal 2 TEU, agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

Le 'Dlí Uimh. LXXIX 2021 lena nglactar bearta níos déine i gcoinne ciontóirí ar péidifiligh iad agus lena leasaítear dlíthe áirithe chun leanaí a chosaint' ('an dlí leasaitheach'),rinne an Ungáir leasuithe éagsúla ar a dlí náisiúnta. Cé go bhfuil sé d'aidhm ag na leasuithe sin mionaoisigh a chosaint, dar leis an mBallstát sin, tá sé d'éifeacht ag roinnt acu, go bunúsach, rochtain ar inneachar ar gné chinntitheach de ná imeacht ón bhféiniúlacht inscne atá ar aon dul leis an ngnéas breithe, athrú inscne nó homaighnéasacht a chur chun cinn nó a chur in iúl a thoirmeasc nó a shrianadh.

Thug an Coimisiún Eorpach caingean um mainneachtain i gcoinne na hUngáire os comhair na Cúirte Breithiúnais mar gheall ar an dlí leasaitheach sin a bheith glactha aici. D'iarr sí ar an gCúirt a chinneadh go ndearnadh sárú ar dhlí príomha agus tánaisteach an Aontais maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach [1], ar roinnt ceart a ráthaítear leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), ar Airteagal 2 CAE [2] agus, ar deireadh, ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) [3].

**Tá an Chúirt tar éis a bhreith, ina suí di mar chúirt iomlán, go bhfuil bunús maith leis an gcaingean maidir leis na saincheisteanna dlí go léir.**

Ar dtús, **sáraítear an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar agus a fháil leis na leasuithe sin**, a leagtar síos i ndlí príomha an Aontais agus i bhforálacha éagsúla den Treoir maidir le tráchtáil leictreonach, den Treoir maidir le Seirbhísí agus de Threoir na Seirbhísí Meán Closamhairc. Ar an gcéad dul síos, tugann an Chúirt faoi deara go gcuirtear srian leis na leasuithe ar chumas soláthraithe seirbhíse meán nó soláthraithe seirbhíse eile inneachar a fhorbairt agus a scaipeadh ar gné chinntitheach de, ar an gcuid is mó, imeacht ón bhféiniúlacht inscne atá ar aon dul leis an ngnéas breithe, athrú inscne nó homaighnéasacht a chur chun cinn nó a chur in iúl. Tá **srianta ar an tsaoirse sin** i gceist leis na leasuithe sin dá bhrí sin. Ina dhiaidh sin, tá an Chúirt tar éis a dheimhniú go bhfuil an fhéidearthacht ann, faoi dhlí an Aontais, údar a thabhairt le srianta dá leithéidí de bhun bharr leasa an linbh a chur chun cinn nó de bhun cheart na dtuismitheoirí a áirithiú go ndéanfar a leanaí a oiliúint agus a theagasc i gcomhréir lena n-áitiúis reiligiúnacha, fhealsúnacha agus oideolaíocha a ráthaítear leis an gCairt [4]. Leagann an Chúirt béim áirithe ar an **rogha atá ag na Ballstáit sainiú a dhéanamh ar an**

**inneachar – inneachar closamhairc go háirithe – lena bhféadfaí dochar a dhéanamh d'fhorbairt fhisiciúil, mheabhrach nó mhorálta mionaoiseach, in éagmais rialacha comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais.**

Mar sin féin, measann an Chúirt go gcaithfear an rogha sin a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an gCairt, agus leis **an toirmeasc ar idirdhealú ar fhorais ghnéis agus ghnéaschlaonta** a ráthaítear le hAirteagal 21(1) di go háirithe. Tá sé ráite ag an gCúirt nach amhlaidh a rinneadh sa chás seo. Go bunúsach, tá gnéithe an dlí leasaithigh – a bhaineann leis an gcritéar maidir le héagsúlacht ón bhféiniúlacht phearsanta atá ar aon dul leis an ngnéas breithe, athrú inscne agus homaighnéasacht á bheith á cur in iúl nó chun cinn – bunaithe ar an mbonn go bhféadfaí an bonn a bhaint de bharr leasa an linbh le haon léiriú nó cur chun cinn dá leithéid sin, beag beann ar an inneachar sonrach atá ann. Dá réir sin, **léirítear le cur chuige den sórt sin go dtugtar tosaíocht d'fhéiniúlachtaí gnéasacha agus gnéaschlaonta áirithe chun dochair daoine eile, a ndéantar stiogmatú orthu dá bhrí sin, rud atá ar neamhréir leis na ceanglais a eascraíonn, i sochaí atá bunaithe ar an iolrachas, as an toirmeasc ar idirdhealú ar bhonn gnéis agus gnéaschlaonta.** I bhfianaise a leithéide de mhainneachtain ar inneachar shár-riachtanach an toirmisc sin, níl dealramh air go bhfuil údar leis na srianta atá i gceist in aon chás, níl údar leo bunaithe ar an gcuspóir barr leasa an linbh a chur chun cinn go háirithe. Sonraíonn an Chúirt go bhféadfar mionaoisigh a chosaint go leordhóthanach ar chláir nach bhfuil oiriúnach dá n-aois, gan idirdhealú díreach a dhéanamh ar an mbonn sin ar fhorais gnéis agus gnéaschlaonta amhail a leithéid a eascraíonn as na leasuithe atá i gceist.

Ar an dara dul síos, is ionann na leasuithe sin agus **cur isteach an-tromchúiseach ar roinnt cearta bunúsacha a chosnaítear leis an gCairt, eadhon an toirmeasc ar idirdhealú ar fhorais gnéis agus gnéaschlaonta, meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh** [5]**, agus saoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil** [6]**.**

Go háirithe, **déantar daoine neamh-cisinscneacha a stiogmatú agus a imeallú leis an reachtaíocht Ungárach atá i gceist**, lena n-áirítear daoine trasinscneacha nó neamh-heitrighnéasacha, amhail is gur daoine iad atá díobhálach d'fhorbairt fhisiciúil, mheabhrach agus mhorálta mionaoiseach ar fhoras a bhféiniúlachta gnéis nó a ngnéaschlaonta amháin. Le teideal an dlí leasaithigh, **déantar nasc idir iad agus ciontóireacht phéidifileach**, rud ar dócha a threiseoidh an stiogmatú sin agus a spreagfaidh iompar bunaithe ar an bhfuath ina leith.

Sna cúinsí seo, baintear inneachar shár-riachtanach na gceart bunúsach thuasluaite leis an gcur isteach atá i gceist agus dá bhrí sin ní seasamh leis ar bhonn na gcuspóirí arna gcur chun cinn ag an Ungáir, is iad sin barr leasa an linbh a chur chun cinn nó ceart tuismitheoirí a áirithiú go ndéanfar a leanaí a oiliúint agus a theagasc i gcomhréir lena n-áitiúis reiligiúnacha, fhealsúnacha agus oideolaíocha.

Tá an Chúirt tar éis a chinneadh chomh maith go bhfuil an Ungáir tar éis **an ceart chun dínit an duine** a shárú sa chás [7]. Eascraíonn sé sin ón bhfíoras **go gcaitear le grúpa daoine** – le gnéithe an dlí leasaithigh arna ndíospóid ag an gCoimisiún – grúpa atá ina dhlúthchuid de shochaí arb iad is sainairíonna inti an ttiolrachas, **amhail is gur bagairt ar an tsochaí iad** a bhfuil cóir dhleathach ar leith ag dul dóibh, ar fhoras a bhféiniúlachta gnéis nó a ngnéaschlaonta amháin. Mar thoradh ar chineál stiogmataithe agus maslach an dlí leasaithigh, déantar 'dofheictheacht' shóisialta na ndaoine sin a bhunú, a choinneáil ar bun nó a neartú, rud a bhaineann an bonn dá ndínit.

Ar an tríú dul síos, **deimhníonn an Chúirt**, den chéad uair riamh, **go ndearnadh sárú ar leith ar Airteagal 2 CAE, ina leagtar amach na luachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe agus is comhluachanna ag na Ballstáit uile iad. Go bunúsach, tá na gnéithe den dlí leasaitheach – lena ndírítear ar inneachar lena gcuirtear imeacht ón bhféiniúlacht phearsanta atá ar aon dul leis an ngnéas breithe, athrú inscne nó homaighnéasacht in iúl nó chun cinn** – ina sraith chomhordaithe de bhearta idirdhealaitheacha **lena sáraítear** cearta daoine neamh-chisinscneacha **go follasach agus ar bhonn an-tromchúiseach**, lena n-áirítear daoine trasinscneacha nó neamh-heitrighnéasacha, agus luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an gcomhionannas agus ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar baill de ghrúpaí mionlaigh iad.

Dá bhrí sin, **tá an dlí seo ar neamhréir le féiniúlacht an Aontais féin mar dhlíchóras coiteann de shochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas.** Ní féidir go n-agródh an Ungáir a féiniúlacht náisiúnta go caoi chun údar a thabhairt le dlí a ghlacadh lena sáraítear na luachanna réamhluaite.

Ar an gceathrú dul síos, measann an Chúirt **go sáraítear RGCS leis an reachtaíocht Ungárach atá faoi chonspóid mar aon leis an gceart chun sonraí a chosaint a ráthaítear leis an gCairt** sa mhéid is gur leasaíodh an dlí maidir leis an

taifead coiriúil léi chun rochtain ar fhaisnéis a iontráiltear sa taifead coiriúil maidir le daoine a bhfuil cionta déanta acu in aghaidh na saoirse gnéasaí nó na moráltachta gnéasaí in aghaidh leanaí a leathnú. Cé go bhféadfadh rochtain den sórt sin a bheith dlisteanach in imthosca áirithe, measann an Chúirt, go bunúsach, nach sainítear i reachtaíocht na hUngáire – ar bhealach atá beacht go leor – na daoine atá údaraithe chun rochtain a fháil ar shonraí ó thaifid choiriúla ná na coinníollacha ábhartha rochtana is gá chun coimircí iomchuí a chur ar fáil do chearta agus do shaoirsí na ndaoine a bhfuil a gcuid sonraí i gceist.

**NÓTA:** Féadfaidh an Coimisiún nó Ballstát eile imeachtaí a thionscnamh i gcoinne Ballstáit mar gheall ar a mhainneachtain in oibleagáidí faoi dhlí an Aontais a chomhlíonadh. Má chinneann an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil mainneachtain in oibleagáidí a chomhlíonadh, ní mór don Bhallstát lena mbaineann déanamh de réir an bhreithiúnais a luaithe is féidir.

I gcás go measann an Coimisiún nach ndearna an Ballstát de réir an bhreithiúnais, féadfaidh sé caingean nua a thabhairt ag lorg pionóis airgeadais. Mar sin féin, i gcás nach gcuirtear bearta lena dtrasuítear Treoir in iúl don Choimisiún, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais pionóis a ghearradh, ar togra ón gCoimisiún, ag céim an chéad bhreithiúnais.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite" ✆ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Eadhon, Airteagal 56 CFAE agus na gníomhartha a leanas de dhlí táinisteach an Aontais: Treoir 2000/31/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2000 maidir le gnéithe áirithe dlí de sheirbhísí na sochaí faisnéise, go háirithe tráchtáil leictreonach, sa Mhargadh Inmheánach ('an Treoir maidir le tráchtáil leictreonach'), Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach, Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin sna Ballstáit maidir le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar ('an Treoir maidir le Seirbhísí na Meán Closamhairc').

[2] Sonraítear a leanas in Airteagal 2 CAE: 'Tá an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Is comhluachanna ag Ballstáit na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamhidirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir.'

[3] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

[4] Féach, Airteagal 24(2) den Chairt agus Airteagal 14(3) den Chairt faoi seach.

[5] Airteagal 7 den Chairt.

[6] Airteagal 11 den Chairt.

[7] Airteagal 1 den Chairt.